Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# Bainisteoir Turasóireachta

# Eolas d'Iarratasóirí

## Eanáir, 2024

## 1. <u>An Post</u>

Tá an Chomhairle ar lorg iarratais ó iarratasóirí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu chomh maith le taithí chuí don phost Bainisteoir Turasóireachta (ar aon dul le Grád VII).

Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú fá choinne post mar *Bhainisteoir Turasóireachta* as a líonfaidh sé aon fholúntais a thiocfadh chun cinn.

Fuarthas cead ón Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don phost Bainisteoir Turasóireachta ar bhonn conartha ar feadh thréimhse trí bliana.

### Cúlra an Phoist

Tá ról ríthábhachtach an turasóireacht i bhfás eacnamaíoch inmharthana, i gcruthú fostaíochta agus i bhfolláine shóisialta áitiúil agus náisiúnta. Agus í ag aithint tábhacht na hearnála seo, tá an-aird ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar fhorbairt na turasóireachta sa chontae le roinnt blianta anuas.

Tá turasóireacht luachmhar éagsúil i nDún na nGall le tírdhreacha cósta agus flúirse tránna gainmheacha agus tránna brait ghoirm, sléibhte sceirdiúla, grúpa de na grúpaí is mó oileán amach ón chósta a bhfuil cónaí iontu agus atá gan chónaí, éagsúlacht gnáthóga nádúrtha, cultúr bríomhar, ceantair Gaeltachta agus oidhreachta thógtha shaibhir.

Tá dalladh acmhainní turasóireachta den chéad scoth i nDún na nGall ar a n-áirítear 37 pointe radhairc agus 3 phointe shár-radhairc ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ina measc seo tá Sliabh Liag, Teach Solais Chionn Fhánada, Cionn Mhálanna le chéile le taitneamhachtaí tábhachtacha eile amhail Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.

Tá Aonad Turasóireachta tiomanta ag Comhairle Contae Dhún na nGall atá mar chuid den Rannóg um Fhorbairt Gheilleagrach atá mar chuid den Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach na Comhairle, Seirbhísí Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála. Oibríonn an fhoireann seo go dlúth le Donegal Tourism Clg agus páirtithe leasmhara ríthábhachtacha eile ar a n-áirítear Fáilte Éireann agus an earnáil phríobháideach leis an earnáil turasóireachta sa chontae a fhorbairt.

## <u>2. An Ról, Freagrachtaí & Dualgais</u>

Tuairisceoidh an **Bainisteoir Turasóireachta** chuig an Cheannaire Forbartha Geilleagraí.

Beidh an **Bhainisteoir Turasóireachta** freagrach as réimse feidhmeanna leagtha a sholáthar taobh istigh den rannóg. Déanfar na garspriocanna is tábhachtaí a chomhaontú mar chuid den phlean bliantúil soláthar seirbhísí.

Beidh na scileanna/cumais seo a leanas ag an iarratasóir is fearr:

- Bheith in ann foirne a threorú agus obair leo agus an cumas a bheith aige/aici an fhoireann faoina stiúir a spreagadh, a chumasú agus a ghríosú leis an fheidhmíocht is fearr a bhaint amach;
- Mioneolas a bheith aige/aici ar mhargaíocht agus ar fhorbairt na turasóireachta agus ceisteanna, dúshláin agus deiseanna atá ag teacht chun cinn maidir le forbairt na turasóireachta go náisiúnta agus go háitiúil araon;
- Cur chuige forbartha agus dearcadh réamhghníomhach don scoth a léiriú chomh maith le taithí ar obair leis na páirtithe leasmhara is tábhachtaí i soláthar tograí agus tionscnamh;
- Cumas iontach a léiriú le bheith ag obair de réir chur chuige Bainistíocht de réir Cuspóirí (MBO) agus neamhspleáchas suntasach aige/aici tascanna leagtha a sholáthar go rathúil;
- Bheith ardspreagtha agus an-taithí aige/aici ar chur chuige nuálach cruthaitheach a úsáid le tascanna a sholáthar go rathúil;
- Sárscileanna a bheith aige/aici maidir le margaíocht straitéiseach, cumarsáid agus branda a fhorbairt;
- Cumas maith a léiriú eolas a dhéanamh do pholasaithe agus straitéisí ar a n-áirítear comhthiomsú sonraí agus eolais ábhartha, neamhchosaintí agus bearnaí féideartha a aithint, torthaí a luacháil, conclúidí a achoimriú, agus moltaí maidir le polasaithe agus straitéisí a fhorbairt agus a chur i láthair;
- An-taithí a bheith aige/aici ar eolas a dhéanamh do pholasaithe agus straitéisí iad a sholáthar agus a luacháil;
- Sárscileanna eagrúcháin a bheith aige/aici, an cumas le tascanna a chur in ord tosaíochta, obair de réir sceideal dian agus bheith beo-intinneach agus solúbtha ar fud na réimse seirbhísí;
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide a bheith aige/aici ar a n-áirítear scileanna maithe ar scríobh tuairiscí agus ar chur i láthair a thabhairt;
- Tuiscint mhaith a léiriú ar chórais agus nósanna imeachta airgeadais ar a n-áirítear bainistiú buiséid, chomh maith le deiseanna maoinithe a aithint agus a aimsiú;
- Taithí mhaith riaracháin a bheith aige/aici ag leibhéal sásúil agus dea-theist air/uirthi a léiríonn cumas maith maidir le foireann a bhainistiú; agus;
- Cumas iontach a léiriú obair as a stuaim féin.

**Dualgais**

Tá liosta neamh-uileghabhálach de dhualgais an **Bhainisteoir Turasóireachta** leaga amach thíos:

- Tuairisciú chuig an Cheannaire Forbartha Geilleagraí maidir le cur i bhfeidhm agus dul chun cinn ar fud na réimsí a ndéantar cur síos orthu thíos;
- Eolas a dhéanamh do na príomhchuspóirí a thagann ón Phlean Bliantúil Soláthar Seirbhísí (ASDP) de chuid na Rannóige Forbartha Geilleagraí agus na bearta a bhaineann leo, iad a chur i bhfeidhm agus iad a luacháil, le béim ar leith ar an Aonad Turasóireachta;
- Spriocanna, buiséid agus buntascairí feidhmíochta eile a leagan amach, monatóireacht a dhéanamh orthu agus tuairisciú orthu uair sa ráithe;
- Obair i gcomhpháirt idir go hinmhéanach ar fud seirbhísí na Comhairle agus go seachtrach le heagraíochtaí páirtí, ar a n-áirítear comhpháirtithe trasteorann, le réimse tionscnamh agus deiseanna nuálacha maidir le margaíocht turasóireachta a sholáthar;
- Obair go réamhghníomhach le gnóthaí agus leis na páirtithe leasmhara is tábhachtaí le deiseanna forbartha a fheabhsú do ghnóthaí turasóireachta sa chontae agus tacú leo fás agus forbairt agus bheith in iomaíocht go idirnáisiúnta;
- Obair go réamhghníomhach le príomhpháirtithe leasmhara éagsúla ar a n-áirítear féilte agus imeachtaí, pobail, gnóthaí, fiontair shóisialta agus gníomhaireachtaí tacaíochta le heispéireas cuairteoirí agus an méid a bhíonn ar fáil maidir leis an turasóireacht sa chontae a fheabhsú;
- Coistí na Comhairle sannta don Rannóg um Fhorbairt Eacnamaíoch a thabhairt le chéile agus tacú leo nuair is gá agus cur go héifeachtach le Coistí na Comhairle, ar a n-áirítear na Ceantair Bhardasacha, na SPCanna agus Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle;
- Tacaíocht feidhmiúcháin a chur ar fáil d’obair Turasóireacht Dhún na nGall CLG le Dún na nGall a chur chun cinn go héifeachtach mar rogha áit saoire do chuairteoirí i margaidh áitiúla agus thar sáile agus le forbairt na turasóireachta i nDún na nGall a chur chun cinn ar dhóigh éifeachtach;
- Comhoibriú go réamhghníomhach le bunghníomhaireachtaí agus comhpháirtithe forbartha, ar a n-áirítear comhpháirtithe trasteorann, le Dún na nGall agus an Réigiún Cathrach Thiar Thuaidh a chur chun cinn mar rogha áite is fearr don turasóireacht ar dhóigh éifeachtach;
- Straitéisí agus feachtais comhoibríocha maidir le margaíocht turasóireachta agus cumarsáid a chuireann Dún na nGall chun cinn mar rogha áit saoire in Éirinn agus go hidirnáisiúnta a forbairt agus a sholáthar;

- Teicnící forbartha agus bainistíochta branda a úsáid le branda Dhún na nGall a fhorbairt agus a threisiú;
- Obair le páirtithe tábhachtacha leis na straitéisí reatha agus na cinn a thagann chun cinn a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar a n-áirítear Straitéis Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall atá ag teacht chun cinn;
- Straitéis agus polasaí ábhartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a chinntíonn comhghuaillíocht le polasaí agus straitéis an AE agus polasaí agus straitéis náisiúnta, réigiúnach agus rialtais áitiúil le forbairt gheilleagrach agus oiread deiseanna fostaíochta agus is féidir a chruthú don chontae agus don réigiún;
- Maoirseacht a dhéanamh ar riarachán maoinithe agus deontas agus comhlíonadh iomlán le gach rialachán agus oibleagáid á chinntiú;
- Iarratais mhaoinithe chuig fhorais sheachtracha ar a n-áirítear an AE agus cláir mhaoinithe náisiúnta a ullmhú agus a fhorbairt le maoiniú a fháil le haghaidh soláthar na bpríomhthograí agus tionscnamh;
- Gach gné de thograí a  bhaineann leis an turasóireacht a bhainistiú ar a n-áirítear na tograí a mhaoiníonn forais sheachtracha amhail Forais um Chláir an AE;
- Tabhairt faoi thasc nó gníomhaíocht ar bith eile a thabharfadh an Ceannaire Forbartha Geilleagraí agus/nó an Stiurthóir Seirbhíse.

**3. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist**

Dhearbhaigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil gur mar seo a leanas a leagfar amach na cáilíochtaí atá de dhíth faoi choinne post mar Oifigeach Sinsearach Turasóireachta:

**(a) Carachtar:**

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

**(b) Sláinte**

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil. Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh a gceapachán.

**(c) Oideachas, Taithí, Etc.**

Ní mór d'iarrthóirí amhail an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe:

(i) (a) Grád D (nó pas) ar a laghad a bheith bainte amach acu, ag Ardleibhéal nó ag Gnáthleibhéal, i gcúig ábhar (nó ceithre ábhar má tá Gaeilge) sna hábhair i Scrúdú Bunaithe na hArdteistiméireachta nó i nGairmchlár na hArdteistiméireachta de chuid na Roinne Oideachais lena n-áirítear Gaeilge agus/nó

Béarla agus ceann amháin díobh seo a leanas: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagraíocht Ghnó nó Eacnamaíocht

**AGUS**

(b) Grád C (nó Onóracha) ar a laghad a bheith bainte amach acu i bpáipéir ardleibhéil (nó onóracha) i dtrí ábhar sa scrúdú sin (nó dhá ábhar má tá Gaeilge agus/nó ceann amháin díobh seo a leanas san áireamh: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagraíocht Ghnó nó Eacnamaíocht),

**NÓ**

(ii) caighdeán inchomórtais a bheith faighte acu i scrúdú coibhéiseach,

**NÓ**

(iii) cáilíocht triú leibhéal a bheith ina seilbh acu ar chaighdeán céime ar a laghad

**AGUS**

(iv) taithí shásúil a bheith acu ar nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear taithí phraiticiúil leordhóthanach in obair de chineál feidhmiúcháin, eagrú oifige agus rialú foirne.

**(d) Riachtanais Inmhianaithe**

- Cáilíocht aitheanta triú leibhéal (leibhéal 7 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i ndisciplín ghnó, turasóireachta nó a comhionann;
- Cúig bliana de thaithí iarchéime ar fhorbairt ar a laghad. D'fhéadfadh taithí forbartha i rialtas áitiúil nó a chomhionann bheith san aíreamh;
- Cumas ar leith tuiscint ar phrionsabail forbartha agus margaíochta na turasóireachta a léiriú, go háirithe an ról atá ag an Rialtas Áitiúil maidir le forbairt na hearnála seo;
- Cumas ar leith tuiscint a léiriú ar na dúshláin agus ar na deiseanna (Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Áitiúil) a bhaineann le hearnáil na turasóireachta i nDún na nGall;
- Cumas ar leith cur chuige forbartha agus dearcadh maith a léiriú chomh maith le taithí shásúil ar chomhpháirtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt agus a choinneáil agus caidreamh a bhunú le páirtithe leasmhara éagsúla agus dul i bhfeidhm orthu;
- Ardchaighdeán de thaithí maidir le tascanna a sholáthar ar dhóigh nuálach cruthaitheach;
- Ardchaighdeán de thaithí ar mhargaíocht, cumarsáid ar fhorbairt bhranda;
- Taithí an-mhaith ar eolas a dhéanamh do pholasaí agus straitéis.
- Sárscileanna eagrúcháin, an cumas le tascanna a chur in ord tosaíochta agus obair de réir sceideal dian;
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide ar a n-áirítear scileanna maithe scríobh tuairiscí agus cur i láthair;
- Tuiscint an-mhaith ar chórais agus ar nósanna imeachta airgeadais, ar a n-áirítear bainistíocht buiséad, chomh maith le deiseanna maoinithe;

- Ardchaighdeán de thaithí riaracháin ag leibhéal sásúil.
- Tuiscint mhaith ar róil agus ar dhualgais bhainisteoirí maidir le bainistíocht sábháilteachta san áit oibre;
- Eolas maith agus tuiscint ar Reachtaíocht agus Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta, na n-impleachtaí don eagraíocht agus don fhostaí agus a gcur i bhfeidhm san áit oibre;
- Ardchaighdeán de thaithí maidir le maoirseacht agus bainistíocht foirne.

## 4. Mionsonraí an Phoist

### (a) Ginearálta

Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d’iarrthóirí cáilithe a chruthú fá choinne post mar *Bhainisteoir Turasóireachta* as a líonfaidh sé aon fholúntais a thiocfadh chun cinn.

### (b) Promhadh

Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, a shocróidh an Chomhairle. D’fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, faoi rogha na Comhairle.

### (c) Luach Saothair

Is ionann an páscála náisiúnta bliantúil reatha agus íosmhéid de €55,847 (pointe 1) go dtí uasmhéid LSI 2 de €72,602. (de réir ciorclán EL 02/2023).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

### (d) Bunáit

Socróidh an Chomhairle ar an áit a lonnófar post an **Bhainisteoir Turasóireachta**.

D’fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an **Bhainisteoir Turasóireachta** agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

### (e) Cónaí

Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

**(f) Uaireanta Oibre**
35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

**(g) Coinbhleachtaí Leasa**
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

## 5. Próiseas Earcaíochta

### A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán r-phoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

### B. Gearrliostú

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú**
Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**
Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**
Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil**
Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**
Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d’fhonn d’iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d’fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d’ainm, ina mbíonn go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d’fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d’iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d’fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d’fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d’fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s’agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d’fhoirm iarratais d’fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d’iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag:
www.donegalcoco.ie